LITIR ASPALDA

# *ADMIRABILE SIGNUM (COMHARTHA IONTACH)*

AN PHÁPA

**PROINSIAS**

AR BHRÍ AGUS AR THÁBHACHT

BHEITHILÍN NA NOLLAG

1.Tá an oiread san ceana ag Críostaithe ar radharc aoibhinn bheithilín na Nollag go músclaíonn sé ionadh agus alltacht ionainn i gcónaí. Forógra lúcháireach simplí ann féin ar mhistéir ionchollú Mhac Dé is ea an léiriú ar bhreith Íosa. Tá radharc an bheithilín ar nós Soiscéal beo ag éirí ó leathanaigh na Scriptiúr Naofa. Ag machnamh dúinn ar scéal na Nollag tugtar cuireadh dúinn tosnú amach ar turas spioradálta, fé spreagadh umhlaíocht Dé a ghlac colainn dhaonna chun go gcasadh sé le gach fear agus bean. Tagaimid ar an dtuiscint go bhfuil an oiread san grá aige dúinn gur deineadh duine dínn de, chun go bhféadfaimisne bheith in éineacht leis dá réir sin.

Leis an Litir seo ba mhaith liom an traidisiún álainn teaghlaigh a bhaineann le hullmhú an bheithilín sna laethanta roimis na Nollag a spreagadh, chomh maith leis an nós é a chur suas san ionad oibre, sna scoileanna, na hospidéil, na príosúin agus i lár an bhaile. Bíonn an úsáid a bhaintear as an iliomad ábhar chun na seoda beaga áille seo a chruthú lán de shamhlaíocht agus de chruthaitheacht. Mar leanaí, foghlaimímid ónár dtuismitheoirí agus ónár seantuismitheoirí leanúint den dtraidisiún lúcháireach so, a bhfuil saibhreas dheabóid na ndaoine i dtaisce ann. Is é mo dhóchas nach gcaillfear an nós so go deo, agus aon áit a bhfuil sé tite i léig go dtiocfar air athuair agus go ndéanfar é d’athbheochan.

2. Tá bunús bheithilín na Nollag le fáil i mionsonraí bhreith Íosa, fé mar a insítear sna Soiscéil iad. Deir Lúcás soiscéalaí go díreach fé Mhuire gur ‘rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta.’ (2:7). Toisc gur cuireadh Íosa ina luí i mainséar, tugtar *presepe* (ón Laidin *praesepe,* a chiallaíonn ‘mainséar’) ar an mbeithilín san Iodáilis.

Ar theacht ar an saol dó, cuireadh Mac Dé ina luí in áit chothaithe na n-ainmhithe, an tuí mar leaba don Té a léireodh é féin mar 'an t-arán a tháinig anuas ó neamh' (Eoin: 6: 41). Bhí Naomh Aibhistín, mar aon le hAithreacha Eaglasta eile, ana-thógtha leis an siombalachas so: 'Cuireadh ina luí i mainséar é agus deineadh ábhar cothaithe dúinne de (Seanmóir 189, 4). Go deimhin, tugann radharc na Nollag cuid de rúndiamhra bheatha Íosa chun cuimhne agus suíonn iad le hais ár saol laethúil féin.

Ach fillimis ar bheithilín na Nollag fé mar is eol dúinn é. Caithfimid sinn féin a shamhailt i mbaile beag Greccio, gar do Rieti, san Iodáil. D'fhan Naomh Proinsias ann tamall, is cosúil, ar a shlí ar ais ón Róimh, mar a bhfuair sé dearbhú ar a Riail ón bPápa Honorius III ar an 29 Samhain 1223. Bhí Proinsias tar éis turas a thabhairt ar an dTalamh Naofa roimhe seo agus chuir pluaiseanna Greccio dúiche na Beithile i gcuimhne dhó. Tharlódh chomh maith go raibh na mósáicí i mBaisleach Maria Maggiore sa Róimh a léiríonn breith Íosa, gar don áit a bhfuil painéil adhmaid an mhainséir caomhnaithe, de réir traidisiúin ársa, tharlódh go rabhadarsan tar éis dul i bhfeidhm ar 'Fhear Bocht Assisi'.

Insíonn na *Foinsí Proinsiasánacha* dúinn go mion cad a tharla i nGreccio ansan. Cúig lá dhéag roimis na Nollag d'iarr Proinsias ar fhear áitiúil, darbh ainm Eoin, cabhrú leis a mhian a chomhlíonadh: 'cuimhne an linbh a rugadh i mBeithil a thabhairt chun beathaidh, go bhfeicfinn oiread agus ab fhéidir le mo shúile corportha féin míchompord agus riachtanais an linbh agus é ina luí sa mhainséar agus conas mar a cuireadh ina luí é ar leaba thuí, bó agus asal ina seasamh lena ais.'[1] Leis sin, d'imigh a chara dílis láithreach chun gach ar iarr an Naomh air d'ullmhú. Ar an 25 Nollaig tháinig bráithre go Greccio ó áiteanna éagsúla, mar aon le lucht feirme na dúiche a thug bláthanna agus tóirsí ar lasadh leo an oíche bheannaithe sin. Nuair a tháinig Proinsias i láthair fuair sé mainséar lán de thuí agus bó agus asal roimhe. Mhothaíodar go léir a bhí ann lúcháir dhiamhair nár mothaíodh riamh cheana i láthair radharc so na Nollag. Ansan léigh an sagart an t-aifreann go sollúnta os cionn an mháinséir, an ceangal idir Ionchollú Mhac Dé agus an Eocairist á léiriú. Níor ghá aon dealbha i nGreccio; dheineadarsan ar fad a bhí i láthair radharc na Nollag a chur i gcrích.[2]

---

[1] Féach, Tomás de Celano, *An Chéad Bheatha*, 84; *Foinsí Proinsiasánacha,* 469.

[2] Ibid., 85; *Foinsí Proinsiasánacha,* 469.

Is mar seo a thosnaigh an traidisiún so againne: gach éinne bailithe go lúcháireach timpeall na pluaise, gan aon fhaid ama idir an chéad tarlúint agus iadsan a bhí rannpháirteach sa rúndiamhair.

Tugann Tomás de Celano, céad bheathaisnéisí Naomh Proinsias, le fios gur tharla fís iontach i dteannta an radhairc thochtmhair seo: chonaic duine acusan a bhí i láthair an Leanbh Íosa é féin ina luí sa mhainséar. Ó radharc na Nollag sa bhliain sin 1223 'd'imigh gach éinne abhaile go lúcháireach.'[3]

3. Le simplíocht an chomhartha san chuir Naomh Proinsias obair mhór soiscéalaíochta i gcrích. Chuaigh a theachtaireacht i gcionn ar chroíthe na gCríostaithe agus go dtí an lá atá inniu ann is meán simplí aiceanta fós é mar léiriú ar áilleacht ár gcreidimh. Go deimhin, músclaíonn agus spreagann an áit ar cuireadh an chéad radharc Nollag so ar fáil na seintimintí seo ionainn. Tearmann anama is ea iargúltacht shléibhte Greccio.

Conas a tharlaíonn sé go dtéann tearmann na Nollag chomh mór san i bhfeidhm orainn? Ar an gcéad ásc, taispeánann sé grá ceansa Dé: d'ísligh Cruthaitheoir na cruinne é féin chun ár n-ísleachtna d'ardú. Is iontaí fós an mhistéir a eascraíonn as bronntanas na beatha nuair a thuigimid gurb é Mac Muire foinse agus cothú na beatha ar fad. Is é Íosa an deartháir a thug an tAthair dúinn, a thagann ár lorg nuair a bhímid trí chéile nó caillte, cara dílis lenár n-ais i gcónaí. Thug sé dúinn a Mhac a mhaitheann dúinn agus a shaorann sinn ónár bpeacaí.

Nuair a leagaimid beithilín na Nollag amach sa bhaile cabhraíonn sé linn athghabháil na staire a tharla sa Bheithil fadó. Dar ndóigh, is é an Soiscéal bunfhoinse na tuisceana agus an mhachnaimh ar an eachtra san. Ag an am gcéanna, cabhraíonn radharc an bheithilín linn an suíomh ar fad a shamhailt. Bogann sé ár gcroíthe agus seolann isteach mar chomhaimsirigh sinn i stair an tslánaithe, in eachtra atá beo beathaíoch i mórán Éireann comhthéacsanna staire agus cultúrtha.

Ar shlí fé leith, óna thús leis na Proinsiasánaigh, cabhraíonn radharc na Nollag linn an bochtanas a thug Mac Dé air féin san Ionchollú a mhothú agus a bhrath. Leanann as sin go nglaonn sé orainn é a leanúint ar chosán na humhlaíochta, an bhochtanais agus an fhéindhiúltaithe, a théann ón mainséar sa Bheithil

[3] *Ibid.,* 86: *Foinsí Proinsiasánacha,* 470.

chun na Croise. Iarrann sé orainn bualadh leis agus freastal air trí thrócaire a thaispeáint dar deartháireacha agus dar ndeirfiúracha atá i ngéarghá. (féach, *Mt* 25:31-46).

4. Ba mhaith liom anois machnamh ar eilimintí éagsúla radharc na Nollag chun gur fearrde ár dtuiscint ar an mbrí dhoimhin atá leo. Ar an gcéad ásc, tá cúlra na spéire gealaí, cumhdaithe i ndorchadas agus i gciúnas na hoíche. Is mar seo againn é, ní amháin toisc go bhfuil sé dílis do thuairisc an tsoiscéil, ach toisc go leanann brí shiombalach é chomh maith. Cuimhnímis ar na huaireanta san ar fad inár saol ar mhothaíomar dorchadas na hoíche. Ach fiú ansan, ní thréigeann Dia sinn, ach tá sé i láthair chun ár gceisteanna bunúsacha fé bhrí na beatha d'fhreagairt. Cé mé? Cad as dom? Canathaobh gur rugadh ag am so na staire mé? Cad as don ngrá agam? Canathaobh go bhfulaingím? Canathaobh go bhfaighidh mé bás? Is chun na ceisteanna so a fhreagairt a ghlac Dia colainn dhaonna. Tugann a chóngarachtsan solas mar a bhfuil dorchadas agus taispeánann an tslí dóibhsean atá ag maireachtaint fé scáth na fulaingthe.

Níor mhiste tírdhreach radharc na Nollag a scrúdú ar an gcuma chéanna. Go minic is fothrach seantí, seachas pluais na Beithile, a bhíonn mar bhaile don dTeaghlach Naofa. Seans gurb é an *Legenda Aurea* leis an nDoiminiceánach Jacobus de Voraigne, a ghéilleann don seantuiscint phágánach a thuar go dtitfeadh Teampall na Síochána sa Róimh chun talún, nuair a shaolófaí leanbh do Mhaighdean, seans gur ansan atá an bunscéal atá laistiar de seo. Thar rud ar bith eile, siombail atá sna fothracha so de thitim an duine, den dtitim, den gcreimeadh agus den ndíomá a leanann an uile ní. Léiríonn an radharc so dúinn gur nuaíocht is ea Íosa i láthair an domhain atá ag dul in aois, go bhfuil sé tagtha chun cneasaithe agus athghabhála, chun an domhan agus ár mbeatha d'atógaint sa riocht glórmhar ina rabhadar an chéad uair.

5. Cad é mar ghliondar a bhíonn orainn ag leagadh amach na sléibhte, na srutháin, na caoirigh agus na haoirí sa bheithilín. Agus é sin á dhéanamh againn, cuimhnímis gur fhógair na fáithe go ndeineann an domhan cruthaithe ar fad gairdeas fé theacht an Mheisias. Is comhartha iad na haingil agus an réilthín stiúrtha go bhfuil glaoite orainn chomh maith an bóthar a bhualadh chun na pluaise chun an Tiarna d'adhradh.

'Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn' (Lúc 2:15), fé mar a dúirt na haoirí lena chéile tar éis forógra na n-aingeal. Leanann ceacht álainn na focail shimplí seo. Murab ionann agus mórán daoine eile, griothalach fé mhórán, b'iad na haoirí ba thúisce d'aithin an

rud ba thábhachtaí ar fad: bronntanas an tslánaithe. Is iad na bochtáin agus na daoine uirísle a fháiltíonn roimh eachtra an Ionchollaithe. Freagraíonn na haoirí do Dhia, a thagann chugainn mar an Leanbh Íosa, trí thosnú amach chun bualadh leis le grá, le buíochas agus le halltacht. Ár mbuíochas d'Íosa, gur ón dteangmháil seo idir Dia agus a chlann a saolaíodh ár gcreideamh agus atá mar bhonn leis an áilleacht fé leith atá chomh soiléir sin i radharc iontach na Nollag.

6. Is gnách linn mórán deilbhíní siombalacha a chur lenár mbeithilín. I dtús áite tá na bacaigh agus na daoine eile sin nach bhfuil de sheilbh sa tsaol acu ach maoin a gcroí. Tá gach ceart acusan mar an gcéanna druidim in gar don Leanbh Íosa; níl sé de cheart ag éinne iad a chur ó dhoras ná a chur amach as mainséar chomh garbhdhéanta san go mothaíonn na bochtáin chomh mór san sa bhaile ann. Go deimhin, tá ionad pribhléideach ag na bochtáin sa mhistéir seo; go minic, is iadsan is túisce a aithníonn láithreacht Dé inár measc.

Cuireann láithreacht na mbochtán agus na n-uiríseal i radharc na Nollag i gcuimhne dhúinn gur ghlac Dia colainn dhaonna ar a son san a mhothaíonn i ngéarghá a ghrá agus a iarrann air teacht i gcabhair orthu. Rugadh Íosa, atá 'ceansa uiríseal ó chroí' (*Matha* 11:29), i mbochtanas agus chaith sé saol simplí chun go dtaispeánfadh sé dúinn cad tá riachtanach sa tsaol agus gníomhú dá réir. Múineann radharc na Nollag go soiléir dúinn nach féidir linn ligint dúinn féin bheith curtha amú le geallúintí gliogair sonais. Chímid palás Héaróid sa chúlra, é bodhar agus balbh do scéal na lúcháire. Trí theacht ar an saol i mainséar, cuireann Dia féin tús leis an aon réabhlóid amháin a thugann dóchas agus dínit dóibhsean atá díshealbhaithe agus díbeartha; réabhlóid an ghrá, réabhlóid na ceansachta. I slí láidir ceansa fógraíonn Íosa ón mainséar, an dualgas atá orainn roinnt leis na bochtáin, mar shlí chun domhan níos daonna agus níos cairdiúla a chruthú, a thabharfaidh bheith istigh dóibhsean ar fad atá lasmuigh agus fágtha ar an imeall.

Go minic, is breá le leanaí – agus le daoine fásta chomh maith céanna – figiúirí eile nach bhfuil aon bhaint shoiléir acu le tuairiscí an tSoiscéil, a chur le radharc na Nollag. Mar sin féin, taispeánann na breiseanna so de chuid na samhlaíochta go bhfuil áit do gach ní daonna iarbhír agus do chréatúirí uile Dé, sa domhan nua so a bhfuil tús curtha leis ag Íosa. Ón aoire go dtí an gabha, ón mbáicéir go dtí an ceoltóir, ó na mná ag triall ar an dtobar go dtí na leanaí ag súgradh le chéile: fógraíonn sé seo go léir an naofacht laethúil, an lúcháir a eascraíonn as gnáthrudaí a dhéanamh ar bhealach neamhghnáthach, a chruthaítear gach uair a roinneann Íosa a bheatha dhiaga linn.

7. I ndiaidh a chéile tagaimid chun na pluaise, mar a bhfeicimid figiúirí Mhuire agus Iósaf. Fé mar a dheineann máthair, deineann Muire iontas dá leanbh agus taispeánann do gach cuairteoir é. Cuireann figiúr Mhuire orainn machnamh ar an mistéir mhór a bhain leis an mbean óg so nuair a chnag Dia ar dhoras a croí gan smál. D'fhreagair Muire le croí mór maith go humhal do theachtaireacht an aingil a d'iarr uirthi bheith ina Máthair do Dhia. Léiríonn a freagra dúinn go léir conas sinn féin a thabhairt go huile is go hiomlán i gcreideamh do thoil Dé: 'Féach, mise banóglach an Tiarna; deintear liom de réir d'fhocail' (*Lúc* 1:38). Leis an 'toiliú' san, deineadh máthair Mhic Dé de Mhuire, gan chailliúint, ach mar naomhú, dá maighdeanas, a bhuíochas dósan. Inti sin, chímid nach gcoimeádann Máthair Dé a Mac chuici féin amháin, ach tugann cuireadh do gach éinne déanamh de réir a bhriathair agus é a chur i gcrích (féach, *Eoin* 2:5).

Tá Naomh Iósaf ina sheasamh le hais Mhuire agus é ag faire amach don Leanbh agus dá Mháthair. Léirítear de ghnáth é le bachall nó lampa ina láimh. Tá ról tábhachtach ag Naomh Iósaf i saol Íosa agus Mhuire. Eisean an cosantóir a choimeádann súil amach dá chlann de shíor. Nuair a chuir Dia ar an eolas é fé bhagairt Héaróid, níor dhein sé moill ar bith ach theith chun na hÉigipte láithreach bonn (*Matha* 2: 13-15). A luaithe is a bhí an dainséar thart, thug sé an chlann ar ais go Nazarat, mar a raibh sé ar an gcéad mhúinteoir ag Íosa agus é ina bhuachaill óg agus ina fhear óg ina dhiaidh san. Choimeád Iósaf an mistéir mhór a bhain le hÍosa agus le Muire, a chéile, mar thaisce ina chroí; mar dhuine cóir, bhí iomlán muiníne i gcónaí aige as toil Dé agus chuir sé i gcrích é.

8. Um Nollaig, nuair a chuirimid dealbh an linbh Íosa isteach sa mhainséar, tagann an radharc ar fad chun beathaidh. Feictear Dia mar leanbh le tabhairt inár mbaclainn againn. Coimeádann sé a chumhacht a chruthaíonn agus a chlaochlaíonn an uile ní i bhfolach laistíos dá laige agus dá leochaileacht. Dealraíonn sé seo a bheith dodhéanta, ach tá sé fíor. Mar Íosa, bhí Dia ina leanbh, agus sa tslí seo theastaigh uaidh mórgacht a ghrá a léiriú, le silleadh súl agus lámha oscailte roimh gach éinne.

Músclaíonn breith linbh lúcháir agus alltacht; cuireann sé mistéir mhór na beatha os ár gcomhair. Ar fheiscint súile geala lánúin óg ag stánadh ar a leanbh nuabhreithe, tuigimid conas mar a mhothaigh Muire agus Iósaf a mhothaigh láithreacht Dé ina saol agus iad ag féachaint ar an Leanbh Íosa.

'Foilsíodh an bheatha' (1 Eoin 1:2). Leis na focail seo deineann Eoin Aspal suimiú ar mhistéir an Ionchollaithe. Ceadaíonn an beithilín dúinn an eachta uathúil aonuaire seo, a d'athraigh cúrsa na staire ar shlí go ndéanfaí an t-am a

áireamh roimh nó i ndiaidh bhreith Chríost as san amach, a fheiscint agus a mhothú.

Is diamhrach iad slite Dé, dealraíonn sé dodhéanta go dtréigfeadh sé a ghlóir chun teacht i gcolainn dhaonna cosúil linne. Ach, iontas na n-iontas, chímid Dia ag déanamh díreach fé mar a dheinimidne: codlaíonn sé, cothaíonn a mháthair é, caoineann sé agus imríonn sé ar nós gach leanbh eile! Fé mar a bhíonn i gcónaí, baineann Dia siar asainn. Is deacair léamh air agus é i gcónaí ag déanamh rudaí nach mbíonn aon choinne againn leo. Léiríonn radharc na Nollag Dia fé mar a tháinig sé isteach sa domhan so againne, agus cuireann sé orainn machnamh ar conas mar atá ár mbeathana mar chuid de bheatha Dé féin. Tugann sé cuireadh dhúinn bheith mar dheisceabail aige más áil linn teacht ar bhunbhrí na beatha.

9. Le teacht fhéile na hEipeafáine, cuirimid dealbha na dTrí Ríthe sa bheithilín. Agus súil ar an réilthín acu scaoil an triúr eagnaí seo ón Oirthear fé Bheithil, chun teacht ar Íosa agus a gcuid bronntanas – ór, túis agus miorr – a thairiscint dó. Tá brí allagóireach leis na bronntanais dhaora so: comhartha onóra d'Íosa mar rí is ea an t-ór; comhartha a dhiagachta is ea an túis agus comhartha a dhaonnachta naofa, a d'fhulaingeodh bás agus adhlacadh, is ea an miorr.

Ag machnamh dúinn ar an ngné seo de radharc na Nollag, iarrtar orainn meabhrú ar fhreagracht an uile Chríostaí an Soiscéal a scaipeadh. Iarrtar ar an uile dhuine againn an Soiscéal a roinnt le gach éinne, ag tabhairt fianaise trí ghníomhartha praiticiúla na trócaire ar an lúcháir a eascraíonn as taithí a bheith againn ar Íosa agus ar a ghrá.

Múineann na Trí Ríthe dúinn gur féidir le daoine teacht go Críost ar bhóthar fada casta. Daoine saibhre, eagnaithe ó áiteanna i bhfad i gcéin, tart na hinfinide orthu, scaoileadar fén dturas fada contúirteach a thabharfadh go Beithil iad (féach, *Matha* 2:1-12). Buaileann taom lúcháire iad i láthair an Linbh atá ina Rí. Ní chuireann an bochtanas ina dtimpeall aon mhúisiam orthu, ach titeann ar a nglúine láithreach á adhradh. Ar a nglúine ansan os a chomhair tuigeann siad go ndeineann an Dia a stiúrann cúrsa na réilthíní go ceannasach eagnaí cúrsa na staire a stiúradh ar an gcuma chéanna, ag leagadh na bprionsaí óna gcathaoireacha agus ag ardú na ndaoine ísle. Ar fhilleadh abhaile dóibh, is cinnte gur scaipeadar an scéal fén dteangmháil dochreidthe seo leis an Meisias, agus chuir tús mar sin le scaipeadh an tSoiscéil i measc na náisiún.

10. Inár seasamh dúinn os comhair bheithilín na Nollag tagann chun cuimhne chomh díograiseach is a bhímis ag feitheamh leis an mbeithilín a chóiriú nuair a bhíomar inár leanaí. Cuireann na cuimhní cinn sin abhaile orainn an bronntanas luachmhar a fuaireamar uathusan a thug an creideamh ar láimh dúinn. Ag an am gcéanna, meabhraíonn siad dúinn an dualgas atá orainn an taithí chéanna so a roinnt lenár gclann agus lenár ngarchlann. Ní dheineann sé difir ar bith conas mar a deintear radharc na Nollag d'eagrú: féadann sé bheith mar an gcéanna nó athrú ó bhliain go bliain. Is é is tábhachtaí ná go mbeadh tionchar aige ar an tslí a chaithimid ár saol. Pé rud a bhíonn ann agus pé cruth a bhíonn air, labhrann beithilín na Nollag linn fé ghrá Dé, an Dia a tháinig mar leanbh chugainn chun go mbeadh a fhios againn cé chomh cóngarach is atá sé do gach fear, bean agus páiste, cuma cén staid ina bhfuil siad.

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, is cuid thábhachtach é beithilín na Nollag de phróiseas luachmhar dúshlánach sheachadadh an chreidimh. Ag tosnú le linn na hóige, agus ag gach céim dár mbeatha, taispeánann sé dúinn conas machnamh ar Íosa, an grá atá ag Dia dúinn a bhrath, a mhothú agus a chreidiúint go bhfuil Dial linn agus go bhfuilimidne leis sin, a leanaí, deartháireacha agus deirfiúracha ar fad, a bhuíochas don Leanbh san Mac Dé agus Mac na Maighdine Muire. Agus go dtuigimis gur ón dtuiscint sin a fhaighimid sásamh buan. Dála Naomh Proinsias, osclaímis ár gcroíthe don ngrásta simplí seo, chun go n-ardóidh paidir umhal ónár n-iontas: paidir buíochais do Dhia, ar theastaigh uaidh a bhfuil ann a roinnt linn, agus sa tslí sin, gan sinn d'fhágaint inár n-aonar go deo.

**FRANCISCUS**

Tugtha i nGreccio, ag Scrín Bhreith Chríost, 1 Nollaig 2019, an 7ú bliain de mo Phontaifeacht.